



Uimhir 35 de 2011

**AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (COSAINN AGUS AN
TEAGHAIS), 2011**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
 2. Úsáid dhlíthiúil fornirt, etc.
 3. Gan oibleagáid a bheith ann cúlú ó theaghais.
 4. Cosaintí ginearálta.
 5. Dliteanas sibhialta.
 6. Leasú ar an Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
 7. Caiteachais.
 8. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
-

[Uimh. 35.] *An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cosaint agus an Teaghais)*, 2011. [2011.]

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht na Leanaí, 2001

2001, Uimh. 24

An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997

1997, Uimh. 26



Uimhir 35 de 2011

**AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (COSAINN AGUS AN
TEAGHAIS), 2011**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT A BHAINNEANN LE DLITEANAS DUINE MAIDIR LE
hÚSÁID FORNIRT AIGE NÓ AICI INA THEAGHAIS NÓ
INA TEAGHAIS NÓ I dTEAGHAIS INAR ÁITITHEOIR
DLEATHACH É NÓ Í I gCOINNE DUINE A THAGANN
ISTEACH SA TEAGHAIS; DO LEASÚ AN ACHTA UM
CHIONTA NEAMH-MHARFACHA IN AGHAIDH AN
DUINE, 1997; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH
NITHE GAOLMHARA.

[19 Nollaig 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo—

Léiriú.

folaíonn “gníomh” neamhghníomh agus folaíonn tagairt do ghníomh
a dhéanamh tagairt do ghníomh a fhágáil gan déanamh;

ciallaíonn “cúirtealáiste”, i ndáil le teaghais, limistéar atá
mórtimpeall ar an teaghais nó le hais na teaghaise a úsáidtear i
dteannta na teaghaise, seachas aon chuid den limistéar sin ar áit
phoiblí í;

folaíonn “teaghais”—

- (a) foirgneamh nó déanmhas (cibé acu sealadach nó buan) atá
déanta nó oiriúnaithe lena úsáid mar theaghais agus atá
á úsáid amhlaidh,
- (b) feithicil nó soitheach (cibé acu inghluaiste nó doghluaiste)
atá déanta nó oiriúnaithe lena húsáid nó lena úsáid mar
theaghais agus atá á húsáid nó á úsáid amhlaidh, nó
- (c) cuid de theaghais;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais;

ciallaíonn “áit phoiblí” aon áit ar a bhfuil rochtain ag an bpobal cibé
acu de cheart nó le cead é agus cibé acu faoi réir muirir nó saor ó
mhuirear é.

(2) San Acht seo, foláíonn tagairt do theaghais tagairt do chúirtealáiste na teaghaise.

Úsáid dhlíthiúil
fornirt, etc.

2.—(1) D'ainneoin ghinearáltacht aon achtacháin nó rialach dlí eile agus faoi réir *fho-alt* (2) agus (3), ní cion é ag duine atá ina theaghais nó ina teaghais, nó ag duine is áititheoir dleathach i dteaghais, forneart a úsáid i gcoinne duine eile nó i gcoinne maoin duine eile, más rud é—

- (a) go gcreideann sé nó sí gur mar fhoghláí chun gníomh coiriúil a dhéanamh a tháinig nó a thagann an duine eile isteach sa teaghais, agus
- (b) nach bhfuil san fhorneart a úsáidtear ach cibé forneart is réasúnach sna himthosca mar a chreideann sé nó sí atá siad—
 - (i) chun é féin nó í féin nó duine eile atá i láthair sa teaghais a chosaint ar ghortú, ar ionsaí, ar choinneáil nó ar bhás, ar gníomh coiriúil is cúis leis nó léi,
 - (ii) chun a mhaoin nó a maoin nó maoin duine eile a chosaint ar leithreasú, ar dhíothú nó ar dhamáiste, ar gníomh coiriúil is cúis leis, nó
 - (iii) chun cosc a chur le déanamh coire nó chun gabháil dhleathach a chur i gcrích nó chun cabhrú lena cur i gcrích.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (1) i gcás go n-úsáideann an duine forneart—

- (a) i gcoinne comhalta den Gharda Síochána ag gníomhú dó nó di i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais,
- (b) i gcoinne duine atá ag cabhrú le comhalta den Gharda Síochána ag gníomhú dó nó di i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais, nó
- (c) i gcoinne duine atá ag comhlíonadh go dleathach feidhme arna húdarú le haon achtachán nó faoi aon achtachán.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (1) i gcás go ngabhann an duine atá ag úsáid an fhornirt d'iompar nó go dtarraingíonn sé nó sí staid cúrsaí d'fhonn an forneart sin a úsáid chun cur in aghaidh gnímh, nó chun deireadh a chur le gníomh, de chuid duine eile atá ag gníomhú i bhfreagairt ar an iompar nó ar an staid cúrsaí sin, ach féadfaidh feidhm a bheith ag *fo-alt* (1) más rud é nach n-eascraíonn an ócáid chun forneart a úsáid ach amháin de bhrí go ndéanann an duine atá ag úsáid an fhornirt rud éigin is féidir leis nó léi a dhéanamh go dleathach, agus a fhios aige nó aici go n-eascróidh ócáid den sórt sin.

(4) Ní bhaineann sé le hábhar cibé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le rud a chreidtear má chreidtear go hionraic é ach déanfaidh an chúirt nó an giúiré, de réir mar a bheidh, le linn di nó dó a bhreithniú ar chreid an duine a d'úsáid an forneart an rud go hionraic, aird a thabhairt ar fhorais réasúnacha a bheith ann nó gan a bheith ann chun go gcreidfeadh an duine amhlaidh, agus ar na himthosca iomchuí eile go léir.

(5) Ní bhaineann sé le hábhar cibé acu an raibh nó nach raibh deis shábháilte phraiticiúil ag an duine a bhí ag úsáid an fhornirt cúlú ón teaghais sular úsáid sé nó sí an forneart lena mbaineann.

(6) (a) Measfar gur úsáid duine forneart i ndáil le duine eile, más rud é —

(i) go ndéanann sé nó sí forneart a imirt, nó gur cúis é nó í le himbhualadh, ar chorp an duine eile sin,

(ii) go mbagraíonn sé nó sí forneart a imirt, nó a bheith ina chúis nó ina cúis le himbhualadh, ar chorp an duine eile sin, nó

(iii) go ndéanann sé nó sí an duine eile sin a choinneáil.

(b) Measfar gur úsáid duine forneart i ndáil le maoin duine eile, más rud é—

(i) go ndéanann sé nó sí forneart a imirt ar an maoin sin,

(ii) gur cúis é nó í le himbhualadh ar an maoin sin, nó

(iii) go mbagraíonn sé nó sí forneart a imirt, nó a bheith ina chúis nó ina cúis le himbhualadh, ar an maoin sin.

(7) Maidir le húsáid fornirt, ní eisiafar úsáid fornirt is cúis le bás.

(8) Is gníomh coiriúil gníomh d'ainneoin, maidir leis an duine a dhéanann an gníomh—

(a) dá gcúiseofaí é nó í i gcion ina leith, go ndéanfaí é nó í a éigiontú ar an bhforas—

(i) gur ghníomhaigh sé nó sí faoi éigeantas,

(ii) gur ghníomh ainneonach a ghníomh nó a gníomh,

(iii) go raibh sé nó sí ar meisce, nó

(iv) go raibh sé ina ghealt, nó go raibh sí ina gealt, ionas nach raibh sé nó sí freagrach, de réir dlí, as an ngníomh,

nó

(b) gur dhuine lenar bhain alt 52(1) d'Acht na Leanaí, 2001 é nó í.

(9) Na tagairtí i *bhfo-alt (1)(b)* do dhuine nó maoin a chosaint ar ghníomh coiriúil, foláíonn siad tagairtí don duine nó don mhaoin a chosaint ar an ngníomh do leanúint ar aghaidh, agus forléireofar ar an gcuma chéanna an tagairt do chosc a chur le déanamh coire nó do ghabháil dhleathach a chur i gcrích nó do chabhrú lena cur i gcrích.

(10) San alt seo—

ciallaíonn “ar meisce” a bheith faoi bhrí mheisciúil aon dí alcólaí, druga, tuaslagóra nó aon substaint eile nó teaglama de shubstaintí;

[Uimh. 35.] *An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cosaint [2011.] agus an Teaghais), 2011.*

ciallaíonn “maoin” maoin de chineál inlámhsithe, cibé acu réadach nó pearsanta, lena n-áirítear airgead agus—

- (a) measfar gur le haon duine í, is duine—
 - (i) a bhfuil coimeád nó rialú aige nó aici uirthi,
 - (ii) a bhfuil aon cheart nó leas dílseánaigh aige nó aici inti (nach leas cothromais é nach n-eascraíonn ach amháin de bharr comhaontú chun leas a aistriú nó a dheonú), nó
 - (iii) a bhfuil muirear aige nó aici uirthi,
- (b) i gcás maoin a bheith faoi réir iontaobhais, measfar go bhfolaíonn na daoine ar leo an mhaoín aon duine a bhfuil ceart aige nó aici an t-iontaobhas a fhorfheidhmiú, agus
- (c) measfar maidir le maoin de chuid corparáide aonair gur maoin ar leis an gcorparáid í d’ainneoin folúntais sa chorparáid.

(11) Chun amhras a sheachaint, aon tagairt san alt seo do mhaoín, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, folaíonn sí tagairt do theaghais.

Gan oibleagáid a bheith ann cúlú ó theaghais.

3.—Ní oibreoidh aon ní san Acht seo—

- (a) chun a cheangal ar dhuine cúlú óna theaghais nó óna teaghais, nó
- (b) chun a cheangal ar áititheoir dleathach i dteaghais cúlú ón teaghais.

Cosaintí ginearálta.

4.—Ní oibreoidh aon ní san Acht seo chun dochair d’aon chosaint a aithnítear le dlí mar chosaint ar chúiseamh coiriúil.

Dliteanas sibhialta.

5.—D’ainneoin ghinearáltacht aon achtacháin nó rialach dlí eile a bhaineann le dliteanas sibhialta daoine i ndáil le foghlaithe, ní bheidh duine a úsáideann forneart den sórt sin a cheadaítear le *halt 2* sna himthosca dá dtagraítear san alt sin faoi dhliteanas i dtort i leith aon díobhála, caillteanais nó damáiste a eascróidh as forneart den sórt sin a úsáid.

Leasú ar an Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

6.—Leasaítear alt 18 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Chun críocha an ailt seo, tá gníomh ‘coiriúil’ d’ainneoin, maidir leis an duine a dhéanann an gníomh—

- (a) dá gcúiseofaí é nó í i gcion ina leith, go ndéanfaí é nó í a éigiontú ar an bhforas—
 - (i) gur ghníomhaigh sé nó sí faoi éigeantas,

(ii) gur ghníomh ainneonach a ghníomh nó a ghníomh,

(iii) go raibh sé nó sí ar meisce, nó

(iv) go raibh sé ina ghealt, nó go raibh sí ina gealt, ionas nach raibh sé nó sí freagrach, de réir dlí, as an ngníomh,

nó

(b) gur dhuine lenar bhain alt 52(1) d'Acht na Leanaí, 2001 é nó í.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

“(9) I bhfo-alt (3), ciallaíonn ‘ar meisce’ a bheith faoi bhrí mheisciúil aon dí alcólaí, druga, tuaslagóra nó aon substainte eile nó teaglana de shubstaintí.”.

7.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

8.—(1) Féadfar an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cosaint agus an Teaghais), 2011 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tíocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoír aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.